Plean DEIS 2025-2028

Coláiste Cholmcille Indreabhán

3. Plean le hAistrithe a Fheabhsú

Plean Achomair le hAistrithe a fheabhsú

Sprioc(anna):

1. Go mbeidh na scoláirí ar fad sásta agus compórdach ina suíomh foghlama féin chun a gcuid spriocanna pearsanta agus oideachasúil a bhaint amach.
2. Treorófar scoláirí tabhairt faoi ábhar roghnach don Sraith Sóisearach agus Ardteistiméireacht a fheileann a gcuid láidreachtaí chun titim amach as ábhar a laghdú.
3. Meallfar scoláirí bliain 3 le tabhairt faoin Idirbhliain – ar a laghad 80% den 3ú bliain.
4. Tabharfar spreagadh do scoláirí scrúdú na hArdteiste a bhaint amach – 100% de na scoláirí **nach** bhfuil sa réimse neamhord ginearálta foghlama (mion agus meánach).
5. Meallfar scoláirí i dtreo cúrsaí tríú leibhéal a dhéanamh-líonfaidh gach scoláire amach foirm CAO (seachas scoláirí sa réimse neamhord ginrearálta foghlama – mion agus meánach).
6. Cuirfidh gach scoláírí atá i dteideal é a dhéanamh isteach ar HEAR, DARE, ACCESS srl.
7. Beidh oifig dá chuid féin amháin ag an múinteoir gairmtreoir le guthán ann chun gur féidir an tseirbhís Gairmtreoir is fearr a chur ar fáil do scoláirí.
   ** Cuirfear seomra ar fáil ag amanta sceidilithe don mhúinteoir treorach fad is atá tógáil ar siúl sa scoil (2026-2028)
8. Treorófar scoláirí le mór-riachtanais speisialta (m.sh. Neamhord Ginearalta Foghlama – Meán agus Mion) chuig cúrsaí oiliúna nó deiseanna fostaíochta iar-scoile cuí.

Tá na spriocanna seo clóiteach le:
Critéir Theangbhunaithe na Scéime: 1,2,3,4,5,6,7,8,9,10,11
Luachanna hÉiteas an BOOÉ seo a leanas: Barrfeabhas san oideachas, Comhionannas, Cúram, Meas, Pobal
Plean Stráitéiseach / FMS: Sprioc 2

Gníomhartha:
Luaigh na bearta atá molta (idir chinn reatha agus chinn nua) le hAistrithe a fheabhsú. Ba cheart go ndéanfaí na gníomhartha i ndiaidh a chéile agus go mbeidís comhordaithe thar thréimhse trí bliana an phlean leis an éifeacht is mó is féidir a bhaint amach.

Beart	Díriú ar Sprioc (anna) uimh	Cé?	Príomhfhreagracht	Cathain?	Acmhainní?
Beart 1: Cuirfidh clár aistriúcháin ó Rang 6 go Bliain 1 i bhfeidhm. *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Oíche oscailte Rang 6 i mí Dheireadh Fómhair / Samhain gach bliain.	1	Gach Múinteoir	PÓS NNS	Deireadh Fómhair / Samhain	• Comhoibriú leis na bunscoileanna • Seomraí ábhar réitithe

Plean DEIS – Aistrithe Coláiste Cholmcille, Indreabhán: 2025-2028

• Eagraítear cuairt scoile dóibh siúd atá cláraithe i mí Aibreáin / Bealtaine.
 	
• Cuirfear blaiseadh de na hábhar roghnach ar fáil chun cinneadh a dhéanamh faoi ábhar in éineacht leis an múinteoir Treorach.
 	
• Déanfar measúnú ar leibhéal litearthacht Béarla agus Gaeilge agus Uimhearthacht na scoláirí. Úsaidfear na torthaí seo mar aon leis na pasanna oideachais agus tuairiscí proifisiúnta chun tacaíochta foghlama a chur ar fáil dóibh siúd aitheanta ar leibhéal 2 & 3 den gCantanam Tacaíochta.
 	
• Bíonn lá acu féin sa scoil ar an gcéad lá scoile i mí Lúnasa.
  ○ Cuirtear an Oide Ranga in aithne
  ○ Mínítear na rialacha scoile
  ○ Dáiltear leabhair & acmhainní scoile agus taisceadán.
  ○ Socraítear iad ar chóras Microsoft an BOOGR.
  ○ Tugtar ar thuras timpeall na scoile iad.
  ○ Mínítear an amchlár
  ○ Imrítear cluichí cur in aithne
  ○ Bíonn cuireadh ag tuismitheoirí bliain 1 le haghaidh cupán tae an mhaidin céanna
  ○ Socraítear na tuismitheoirí suas ar an an Aip Tyro
 	
• Bíonn Córas na gCarad i bhfeidhm idir Bliain 1 agus an Idirbhliain.
 	
• Eagraítear turas eachtraíochta cur in aithne i Mí Meán Fómhair.
 	
• Casann an tOide Ranga leis an rang go seachtainiúil.
	1
	
	1,2
	
	1,2
	
	1,2
	
	1
	
	1
		AND
		Gach Múinteoir
		
		Gach múinteoir
		MÓD
		
		Foireann TF
		MM
		
		Gach Múinteoir
		ENG
		NNS
		PÓS
		MÓD
		AND
		
		DÓF & ENG
		
		DÓF
			PÓS
			NNS
			
			MÓD
			
			PÓS -Amchlár
			
			PÓS
			NNS
			
			ENG
			
			DÓF
				Aibreáin / Bealtaine
				
				Meán Fómhair 2025
				Bealtaine 2026/2027
				
				Bealtaine – Meán Fómhair Leanúnach
				
				Lúnasa
				
				Go míosúil
				
				Méan Fómhair
					• Comhoibriú ón bhfoireann
					• Cur i láthair do na tuismitheoirí
					• Blaiseadh ábhar
					• Scrúduithe measúnaithe / ceartúcháin – foireann TF
					• Amchlár
					• Leithroinnt Múinteoirí
					• Tyro
					• Tae / Caife – tuismitheoirí
					• Téascleabhair / cóipleabhair srl
					• Taisceadáin
					• Ríomhairí scoile
					• Am idir bliain 1 & 4
					• Féilire na Bliana
					• Coiste Folláine
					• Coiste Gaelbhratach
					• Comhairle na Scoláirí
					• Turas Scoile

• Bíonn cruinniú tuismitheoirí i mí na Samhna. • Bíonn ionadaí ón gcéad bhliain ar an gCoiste Folláine, Comhairle na Scoláirí agus Coiste an Ghaelbhrataigh.	1 1,2 1	ENG Gach Múinteoir PNC MUC ENG	ENG PÓS PNC MUC ENG	Seachtainiúil Samhain Cruinnithe rialta	
Beart 2: Cuirfear clár aistriúcháin ón Sraith Sóisearach go dtí an Idirbhliain i bhfeidhm. *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Taispeántar obair na hIdirbhliana don 3ú bliain agus déanann scoláirí na hidirbhliana cur i láthair dóibh. • Cuirtear pacáiste eolais abhaile ag tuismitheoirí bliain a trí maidir leis an Idirbhliain. – Eagrófar cruinniú má tá éileamh. • Labhraíonn an múinteoir treorach agus Comhordaitheoir na hIdirbhliana leis an 3ú bliain ag cur béime ar na bhuntáistí a bhaineann leis an Idirbhliain a dhéanamh. • Dóibh siúd atá idir dhá chomhairle tugtar an deis dóibh an Idirbhliain a thriail ar feadh tréimhse ag tús na bliana sula ndéanann siad cinneadh cinnte. • Cuirfear cúnamh airgeadais ar fáil do na clainnte atá faoi mhí-bhuntáiste le cabhrú le costaisí na hIdirbhliana.	3 3 3 3 3	RNB Rúnaí RNB RNB MÓD PÓS RNB MÓD PÓS RNB AND / CCS	RNB RNB MÓD PÓS PÓS	Feabhra / Márta Feabhra / Márta Feabhra / Márta Lúnasa/ Meán Fómhair Go leanúnach	• Filteán / portfolio / cur i láthair na hIdirbhliana • Pacáiste eolais – bróisiúir • Clárama na hIdirbhliana • Clár Críochnú Scoile
Beart 3: Cuirfear clár aistriúcháin ón Idirbhliain go dtí an Sraith Sinsearach i bhfeidhm. *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Déanfar blaiseadh de ábhar na hardteiste le linn na hIdirbhliana. • Bíonn rang Treoirghairme ag an Idirbhliain.	1,4 1,4	Gach muinteoir MÓD	RNB PÓS	Go leanúnach Seachtainiúil	• Amchlár ilghnéitheach idirbhliana • Réimse ábhar • Bandaí rogha ábhar

• Déanfaidh na scoláirí na hábhair ar mhaith leo a thabhairt faoi a rangú ó 1-4 ar dtús. Déanfar an rangnú seo i gcomhair leis an múinteoir treorach agus cuirfear na scoláirí ar an eolas maidir le rachtanais ábhar do chúrsaí 3ú leibhéal ar leith. • Déanfaidh Bainistíocht na Scoile iarracht freastal ar rogha gach scoláire chomh mór is is féidir laistigh den leithroinnt bronnta agus cruthófar na bandaí ábhar. • Roghnóidh na scoláirí a gcuid ábhar bunaithe ar na bandaí ábhar agus síneoidh na tuismitheoirí an rogha seo. • Cuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil dóibh siúd aitheanta ar Leibhéal 2 & 3 den gCantanam Tacaíochta. • Ag tús an cúigiú bliain, cuirtear na leabhair agus acmhainní cuí ar fáil. • Freastlaíonn na scoláirí ar cheardlann scileanna staidéir.	1,4 1,4 1,4 1,4 1,4 1,4	MÓD PÓS NNS Scoláirí Tuismitheoirí MÓD MM PÓS NNS MÓD	PÓS NNS PÓS NNS PÓS MM PÓS NNS MÓD	Feabhra / Márta Feabhra / Márta Aibreáin Meán Fómhair ar aghaidh Meán Fómhair Meán / Deireadh Fómhair Go leanúnach	• Rang treoirgairme • Ceardlann scileanna staidéir • Leithroinnt TF • Leithroinnt teagasc príomhshrutha • Téacsleabhair / cóipleabhair srl.
Beart 4: Cuirfear clár aistriúcháin ón Sraith Sinsearach go cúrsaí 3ú leibhéal / saol oibre i bhfeidhm *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Bíonn rang treoirghairm ag na scoláirí sa 5ú agus 6ú bliain ina ndéantar taighde ar chúrsaí 3ú leibhéal éagsúla. • Déanann gach scoláire príomshrutha Gairmchlár na hArdteiste (Ardteist 2026 & 2027) agus Saol, Pobal agus Obair (Ardteist 2028) ina ndéantar taighde agus iniúchadh ar chúrsaí tríú leibhéal éagsúla.	1,4,5 1,4,5 1,4,5,7	MÓD MÓD MÓD	PÓS PÓS PÓS	Seachtainiúil Seachtainiúil Seachtainiúil	• Amchlár 5ú & 6ú bliain • Amchlár MÓD • Féilre na Bliana • Féilire Imeachtaí Scoile • Airgead bus / busanna a eagrú • Aoichainteoirí le heagrú

• Bíonn am sceidilithe ag an Múinteoir treorach le casadh leis na scoláirí san ardteist duine ar dhuine. • Bíonn cruinniú tuismitheoirí sa 5ú bliain agus dhá chruinniú sa 6ú bliain. • Freastlaíonn scoláirí bliain 5 agus 6 ar laethanta oscailte coláistí 3ú leibhéal, printíseachtaí agus laethanta gairmeacha. • Bíonn aoichainteoirí sa scoil ag labhairt leis na scoláirí faoi chúrsaí 3ú leibhéal, printíseachtaí agus gairmeacha. • Déanann gach scoláire sa 6ú bliain iarratas luath ar an gcóras CAO. • Cabhraítear leis na scoláirí sa 6ú bliain iad féin a chlárú do scrúduithe na hardteiste. • Cuirfear gach tuismitheoir ar an eolas maidir leis na scéimeanna CAO, HEAR, DARE, ACCESS. • Déanfaidh SENCO na scoile iarratas RACE ar son an scoláire agus cuirfear na socrúcháin réasúnta ceadaithe i bhfeidhm. • Cuirfidh an SENCO eolas ar fáil do thuismitheoirí scoláirí le Neamhord Gineárlta Foghlama (Mion agus Meán) maidir le deiseanna oiliúna agus fostaíochta iarscoile.	1,4,5,6 1,4,5 1,4,5 1,4,5 1,4,5 1,4,5,6 1,4,5,6 1,8	Gach múinteoir MÓD MÓD MÓD NNS MÓD MM MM MM	PÓS / NNS MÓD MÓD MÓD NNS MÓD MM MM MM	Samhain / Nollaig / Márta Leanúnach Leanúnach Samhain Samhain Leanúnach – Spriocdhátaí Spriocdháta Leanúnach	• Ríomhairí • Portal na scoláirí • Caipéisí oifigiúil Coimisiún na Scrúduithe Stáit • Foirmeacha DARE/ RACE/ HEAR srl • Ábhar tacaíochta iarratas RACE • Nasc le St. Josephs training centre, Duirling, Brothers of Charity srl.
• **Beart 5: Cuirfear** Clár Aistriúcháin scoláire nua ag aistriú ó scoil eile i bhfeidhm (Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)					
• Eagrófar cruinniú leis an scoláire nua, a t(h)uismitheoirí agus bainistíocht na scoile. Pléifear ○ Cód iompair na scoile ○ Éadaí scoile	1	PÓS NNS Oide Ranga lena mbaineann	PÓS Oide Ranga lena mbaineann	De réir mar a tharlaíonn	• Amchlár • Taisceadáin • Leabhair / acmhainní srl

○ Rogha ábhar / amchlár na scoile ○ Tabharfar ar thuras timpeall na scoile é / í ○ Cuirfear an scoláire nua in aithne don Oide Ranga. • Ar chéad lá an scoláire: ○ cuirfear é / í in aithne don rang agus socrófar go dtabharfaidh cúpla scoláire aire di / dó. ○ Tabharfar na leabhair / acmhainní a theastaíonn dó / di ○ Socrófar é / í ar chóras Microsoft an BOOGR ○ Tabharfar taisceadán dó / di ○ Cuirfear in iúl don fhoireann go bhfuil scoláire ag tosú sa scoil.	1	Gach múinteoir MÓD MM PÓS / NNS Múinteoirí Oide Ranga Scoláirí an rang MÓD	PÓS / NNS	De réir mar a tharlaíonn	• Cáipéisí / Tuairiscí proifisiúnta má bhaineann • Pas Oideachasúil
• Cuirfear SENCO na scoile ar an eolas maidir le haon riachtanais oideachais agus cuirfear an Foireann Tacaíochta Scoláirí/ Comhordaitheoir Tinrimh / TBSP / Oide Ranga ar an eolas maidir le haon riachtanais eile más amhlaidh.	1	MM MÓD AND	PÓS / NNS	De réir mar a tharlaíonn	
• Déanfaidh an tOide Ranga seicéail (Check & Connect) rialta leis an scoláire ar feadh tréimhse go bhfuil sé / sí socruithe isteach.	1	Oide Ranga lena mbaineann	Oide Ranga lena mbaineann	De réir mar a tharlaíonn	

Monatóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

1. Déanfaidh OIdí Bliana seiceáil isteach agus coinneofar súil ar na scoláirí faoin gcúram go seachtainiúil.
2. Tabharfar aon bhuairt chuig an gCoiste Tréadchúram.
3. Déanfaidh bainistíocht na Scoile a chinnitiú go bhfuil an soláthar múinteoirí, ranganna, ábhar, tacaíochtaí srl ar fáil le freastal ar na scoláirí agus chun na h-aistrithe éagsúla a éascú.
4. Déanfar teagmháil rialta le tuismitheoirí trís an Aip Tyro agus cruinnithe tuismitheoirí maidir leis na haistrithe éagsúla.
5. Déanfaidh an múinteoir Gairmtreoir teangmháil a choinneáil suas le scoláirí tar éis na hArdteiste agus coinneoidh sé taifid ar an áit a bhfuil gach scoláire tar éis na scoile a fhágáil-cúrsaí 3ú leibhéal, PLC's, cúrsaí ACCESS, Printíseachtaí.
6. Déanfar cuairteanna baile orthu siúd a dteastaíonn an tacaíocht sin uathu.
7. Coinneofar súil ar thinreamh agus torthaí scrúduithe – MÓD, Comhordaitheoir Tinrimh, TBSP, Oidí Ranga.

Meastóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar meastóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um DHUL CHUN CINN OIDEACHASÚIL

Plean DEIS – Aistrithe Coláiste Cholmcille, Indreabhán: 2025-2028

Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir

1. Coinnneoidh an Coiste DEIS súil ar líon na scoláiri a dhéanann Idirbhliain 2025-26, 2026-27 agus 2027-28 agus cuirfidh siad an céatadán scoláirí a thugann faoi i gcomparáid leis an sprioc atá leagtha síos. 2025 – 2026 = 100% , 2026 – 2027 = 94%.
2. Déanfaidh an múinteoir Gairmtreoir sonraí dul-chun-cinn oideachasúil a chur faoi bhráid Choiste DEIS agus an Bord Bainistíochta.
3. Coinneofar taifead ar aon scoláire a aistríonn ó scoil eile agus déanfar meastóireacht ar a d(h)ul chun cinn aonair.
4. Coinneofar taifead ar dul chun cinn iarscoile scoláirí le Neamhord Ginearálta Foghlama (Mion agus Meán) agus cuirfidh an Comhordaitheoirí Tacaíochta Foghlama faoi bhráid an Choiste DEIS agus Bord Bainistiochta iad.